


# Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána

## 2022-2024

# Réamhrá

Tá áthas orm Ráiteas Straitéise 2022-2024 an Gharda Síochána a chur i láthair. Agus muid ag aistriú ó dhálaí deacra de bharr na Paindéime COVID-19, meabhraítear dúinn na dúshláin eile ar fad atá roimh an eagraíocht le céad bliain anuas. Sa bhliain 2022, ceiliúraimid Comóradh Céad Bliain ó bunaíodh an Garda Síochána agus cuireann sí i gcuimhne dúinn na luachanna ar bunaíodh an fórsa orthu: Seirbhís, Macántacht, Cuntasacht, Meas, Gairmiúlacht agus Ionbhá.

Is cuid lárnach de phobail ar fud na tíre é an Garda Síochána agus tá infheictheacht, de gach cineál, ina bhunchloch dár seirbhís. Cé go leanfaimid orainn ag úsáid na teicneolaíochta is nuálaí chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun coireacht a chomhrac, ní chaillfimid go deo ár gceangal pearsanta atá múnlaithe ag gach comharsanacht agus pobal a bhfreastalaímid air.

Bhí an straitéis seo mar thoradh ar cheann de na próisis chomhairliúcháin is fairsinge a bhí againn go dtí seo, ag dul i dteagmháil le pobail éagsúla, leis an rialtas, leis an tsochaí shibhialta, le pearsanra an Gharda ag gach céim agus gach grád agus lenár gcomhghleacaithe póilíneachta thar lear. D’éisteamar leis na heispéiris atá ag daoine ó cheann ceann na tíre, i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe agus corpraíomar iad inár dtosaíochtaí. Sa lá atá inniu ann, tarlaíonn an t-athrú go tapa agus go leanúnach. Beidh an t-ardú ar choireacht ar líne agus ar choireanna in aghaidh na ndaoine leochaileacha go mór i réim sna blianta amach romhainn. Ní féidir dúshláin eile a thuar agus ní mór dúinn na struchtúir agus na tacaí atá againn faoi láthair a nuáil agus a oiriúnú chun freagairt dóibh.

Is é an misean lárnach atá fós againn ná daoine leochaileacha agus íospartaigh na coireachta a chosaint. Trínár ról, bíonn muid i dteagmháil le daoine a gortaíodh, a d’fhulaing tráma agus daoine a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad éagóir. I ngach cás, tá sé de dhualgas orainn a ndínit agus a gcearta daonna a chosaint agus toradh cóir a chinntiú do chách. Is trí bhithín béim shoiléir a chur ar infheictheacht, ar dhaoine leochaileacha, ar íospartaigh agus ar chearta an duine a thabharfar éifeacht phraiticiúil dár luachanna.

Nascfaidh Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána (2022-24) ceann de na hathruithe is cuimsithí agus is bunathraithe i stair an fhórsa. Soláthraíonn Seirbhís Póilíneachta dár dTodhchaí (APSFF) treochlár chun moltaí Thuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (2018) a chur chun feidhme. Tabharfar chun críche é sa chéad leath dár Ráiteas Straitéise nua agus tá a lárnacht dár gcuid oibre le feiceáil i go leor de na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach don trí bliana atá le teacht.

Beagnach céad bliain ó shin, dúirt an chéad Choimisinéir Michael Staines den Gharda Síochána: “*Ní éireoidh leis an nGarda Síochána le fórsa arm nó le líon mór, ach éireoidh leis de bharr a n-údarás morálta mar sheirbhísigh do na daoine*.” Tá sé seo fíor i gcónaí agus faoin straitéis seo tá sé beartaithe againn ár dtiomantas do chinnteoireacht eiticiúil ar gach leibhéal a leabú tuilleadh, a bheidh struchtúir shoiléire d’fheidhmíocht mhonatóireachta agus cuntasachta mar bhonn is mar thaca aige, ag cur ar chumas ár ndaoine a thuiscint a ról maidir le daoine a choinneáil sábháilte.



J. A. Harris
**An Coimisinéir, An Garda Síochána**


# Clár na nÁbhar


**Réamhrá**

| | | |
|---|---|---|
| **Réamhrá** | **Réamhrá** | 2 |
| | **Comhairliúchán agus Forbhreathnú Straitéise** | 4 |
| | **Ár Misean** | 6 |
| **Colúin Straitéiseacha** | **Colúin Straitéiseacha** | 8 |
| | Pobal | 9 |
| | Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach | 10 |
| | Íospartaigh & Daoine Leochaileacha | 11 |
| | Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint | 12 |
| | Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht | 13 |
| **Cumasóirí** | **Cumasóirí** | 14 |
| | Daoine & Cuspóir | 15 |
| | Comhpháirtíochtaí | 16 |
| | Rannpháirtíocht | 17 |
| | Cumhachtú & Iontaoibh | 18 |
| | Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise | 19 |





# Próiseas Comhairliúcháin

## Aidhm an Chomhairliúcháin

Ceanglaítear le hAlt 21 d'Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú, go n-ullmhódh agus go dtíolacfaidh an Coimisinéir Ráiteas Straitéise. Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas sa Ráiteas Straitéise: ráiteas misin; cuspóirí meántéarmacha agus na straitéisí chun iad a bhaint amach; aschuir agus torthaí ionchais; ábhair imní do ranna agus do ghníomhaireachtaí Rialtais agus plean chun saincheisteanna den sórt sin a bhainistiú.

**Comhairleacht Sheachtrach**

Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha sa rialtas agus sa tsochaí shibhialta chun a dtuairimí a fháil ar thosaíochtaí don Ráiteas Straitéise. Rannpháirteach ar leibhéal na saoránach chun tuairimí na ngrúpaí ar deacair teacht orthu agus tuairimí na sochaí níos leithne a fháil. I measc na ngrúpaí bhí; Ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, ENRanna, grúpaí faoi ghannionadaíocht, saoránaigh.



**Comhairliúchán Inmheánach**

Tús a chur le réamh-idirchaidreamh inmheánach le réimsí feidhme laistigh den Gharda Síochána. Leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé ionchais a bhainistiú maidir leis an méid is féidir a bhaint amach ina leith seo. Cumhdaíodh sa chomhairliúchán Baill agus Foireann an Gharda Síochána, an cheannaireacht shinsearach agus ranna an Gharda Síochána.




**Scanadh Ionchais**

Cuimsíodh sa "Scanadh ionchais" an obair atá á déanamh ag seirbhísí póilíneachta eile sa réimse seo agus treochtaí dóchúla sa phóilíneacht sna trí bliana amach romhainn a mheas. Ba iad seo a leanas na príomhthéamaí ón gcomhairliúchán seo; clár rialtais, reachtaíocht, sárchleachtas idirnáisiúnta, deiseanna agus dúshláin amach anseo.



# Forbhreathnú ar Ráiteas Straitéise

## Misean

Tá ráiteas misin soiléir ag an nGarda Síochána, chun **"Daoine a Choinneáil Slán"**, agus táimid lántiomanta dó seo.

Bíonn an chaoi a gcoinnítear daoine slán ag síorathrú, agus ní mór ár bhfreagra uirthi a oiriúnú freisin. De bharr na paindéime, táimid níos dlúithe anois leis an bpobal agus táimid ag teacht aisti níos láidre agus réidh le dul níos faide.

D'fhonn ár misean a sheachadadh, ní mór dúinn a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla sa chaoi a gcuirimid ár seirbhísí ar fáil, agus ár n-eagraíocht a chosaint don todhchaí chun freagairt do riachtanais agus éilimh na bpobal ar a bhfreastalaímid, ar riachtanais iad atá i mbun síorathraithe.

Caithfidh ár samhail phóilíneachta a bheith níos sofhreagrúla freisin chun aghaidh a thabhairt ar nádúr na coireachta trasnáisiúnta atá ag teacht chun cinn agus ag athrú.

## An Comhshaol

Tá an Garda Síochána tar éis dul trí mhórathrú agus éabhlóid le linn a staire. Le linn na paindéime COVID-19 léirigh an eagraíocht aclaíocht agus í ag tabhairt aghaidh ar riachtanais na tíre. Léiríonn sé seo go bhfuil an eagraíocht inoiriúnaithe, gur féidir léi spriocdhíriú go tapa agus go bhfuil sí athléimneach i gcoinne fachtóirí seachtracha.

Tá an straitéis seo suite i gcomhthéacs na sochaí iar-phaindéime a chuir dlús le cumasc ár ndomhan fisiceach agus digiteach. Leanfaidh sé freisin ag tabhairt roinnt éiginnteachta domhanda polaitiúla agus eacnamaíche.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an eagraíocht i dtreo a cuspóirí um bunathrú agus í ag freagairt do dhúshláin COVID-19. Leanfar le glacadh le hathrú le tabhairt isteach reachtaíochta nua agus athchóiriú ar struchtúir mhaoirseachta, as a dtiocfaidh feabhsuithe ar chomhpháirtíochtaí, ar phóilíneacht agus ar shlándáil stáit.

Le linn shaolré na straitéise seo táimid fós tiomanta d'éabhlóid agus freastal ar éilimh phóilíneachta athraitheacha i sochaí i mbun síorathraithe.

## Uaillmhian agus Fís

Leanfaimid orainn ag neartú acmhainne agus inniúlachta ar fud na heagraíochta, ag tógáil ar an eolas agus ar an saineolas atá againn cheana féin chun a chinntiú go bhfuilimid ar thús cadhnaíochta sa phóilíneacht agus sa tslándáil stáit ar fud an domhain.

Ciallaíonn sé seo:

Beimid i láthair agus insroichte ar an mbealach is oiriúnaí chun daoine a choinneáil slán, chun daoine leochaileacha a chosaint, ag léiriú sármhaitheasa i bpóilíneacht phobail agus ag cur lenár sainchumais i gcomhthéacs imscrúdú coireachta agus slándáil stáit.

Cuirfimid fáilte roimh an saol digiteach, ag cur lenár nascacht agus lenár gcumas freagairt do thírdhreach athraitheach na póilíneachta.

Cuirfimid ar chumas ár ndaoine feidhmiú go dtí a lánacmhainneacht trí thacaíocht leanúnach.

Úsáidfimid faisnéis atá ar fáil dúinn, ar bhealach eiticiúil, chun cinntí fónta a dhéanamh.

Cuirfimid fáilte roimh aclaíocht i ngach réimse dár n-eagraíocht chun freagairt le luas agus le cuspóir.

Leanfaimid ag baint leasa as ár láidreachtaí, ag coinneáil ár n-ionracas agus ár mbéim ar Chearta an Duine.

# Ár Misean





Is eagraíocht phobal-dhírithe é an Garda Síochána a bhfuil misean de:

***"Ag Coinneáil Daoine Sábháilte"***

# Forbhreathnú ar Ráiteas Straitéise

**Colúin**

### Pobal
Leanúint ar aghaidh leis na naisc le pobail a neartú, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil slán.

### Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach
Coireacht a réamh-mheas go réamhghníomhach agus aghaidh a thabhairt uirthi, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá treoraithe ag faisnéis.

### Íospartaigh & Daoine Leochaileacha
Dochar a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochaileach a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

### Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint
Slándáil an Stáit agus a mhuintire a chosaint ar sceimhlitheoireacht agus ar bhagairtí dá leasanna ríthábhachtacha.

### Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht
Cultúr d'fheabhsú leanúnach a spreagadh agus a chothú, agus feabhas a chur ar nuálaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe.

**Cumasóirí**

- **Daoine & Cuspóir**
- **Comhpháirtíochtaí**
- **Rannpháirtíocht**
- **Cumhachtú & Iontaoibh**
- **Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise**

**Tá straitéisí feidhmiúla ailínithe agus struchtúir shoiléire, rialachas agus cuntasacht mar aon le tiomantas do Chearta an Duine mar thaca ag na colúin agus cumasóirí.**

# Colúin Straitéiseacha






## Colún Straitéiseach:

# Pobal

Leanúint ar aghaidh leis na **naisc** le pobail a neartú, **ag obair i gcomhpháirtíocht** chun daoine a choinneáil slán

## Torthaí Straitéiseacha

Bíonn an pobal agus páirtithe leasmhara seachtracha i dteagmháil leis an nGarda Síochána go háitiúil agus go náisiúnta agus tuigeann siad ár ról sa phobal.

Tá aithne ag daoine ar fud na bpobal uile ar an nGarda Síochána agus tá muinín acu asainn agus tá siad muiníneach as coireacht a thuairisciú.

Fadhbanna a réiteach i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara, as a dtagann réitigh inbhuanaithe ar ábhair imní maidir le sábháilteacht an phobail.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

Feabhas a chur ar bhealaí nua inrochtaineachta agus deiseanna rannpháirtíochta pobail agus iad a aithint trí phrionsabail póilíneachta pobail a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go leanúnach.

Leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla, ag tacú le sábháilteacht agus rannpháirtíocht pobail.

Cur chuige sofheicthe, freagrúil a fhorbairt maidir le réiteach fadhbanna le pobail tríd an gCreat Póilíneachta Pobail a rolladh amach.




## Colún Straitéiseach:

# Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach

Coireacht a **réamh-mheas go réamhghníomhach** agus aghaidh a thabhairt uirthi, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus **atá ag teacht chun cinn**, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá treoraithe ag faisnéis.

## Torthaí Straitéiseacha

Cur chuige póilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis, agus coireacht á réamh-mheas agus ag freagairt di ar gach leibhéal, ag baint an leasa is fearr as na hacmhainní atá ar fáil.

Tá sainchumais nua agus feabhsaithe forbartha ag an nGarda Síochána chun dul i ngleic leis na treochtaí móra coireachta sa stát.

Acmhainn mhéadaithe do phóilíneacht choisctheach chun coireacht a chosc agus cur isteach uirthi.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

Aghaidh a thabhairt ar threochtaí coireachta reatha agus atá ag teacht chun cinn, ag cur coisc réamhghníomhaigh ar choireacht inár bpobail chun cinn.

Aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar choireacht eagraithe, beag beann ar a bunús digiteach nó fisiceach.

Cur chuige comhtháite agus comhsheasmhach a chur chun feidhme laistigh den Gharda Síochána chun ár gcumas a neartú chun treochtaí coireachta nua agus éiritheacha a aithint agus cur isteach orthu, ag aithint castachtaí éagsúla na coireachta i dtimpeallachtaí príobháideacha, tuaithe agus uirbeacha.

Achmainn agus cumas feabhsaithe chun dul i ngleic leis an gcoireacht ar gach leibhéal trí chomhoibriú idirghníomhaireachta breise, trí chaidrimh a neartú le páirtithe leasmhara inmheánacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus trí dheiseanna comhpháirtíochta nua a fhiosrú.



Colún Straitéiseach:

# Íospartaigh & Daoine Leochaileacha

Dochar a laghdú trí dhínit agus **Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochaileach** a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána **a chur chun cinn agus a chosaint**.

## Torthaí Straitéiseacha

Cur chuige atá dírithe ar íospartaigh a sheachadadh chun daoine a choinneáil slán agus daoine leochaileacha a chosaint.

Tacú le gach duine leochaileach ar feadh a gcuid eispéiris leis an nGarda Síochána.

Tá ár gcuid seirbhísí níos inrochtana ag gach duine a dteastaíonn siad uathu, thar spásanna fisiceacha agus ar líne.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

Daoine atá i mbaol níos airde foréigin nó coireachta a shainaithint, dul i dteagmháil leo agus cuidiú leo, chun muinín i dtuairisciú a mhéadú.

Tacú le comhpháirtíochtaí ildisciplíneacha, ag tuiscint riachtanais na n-íospartach agus na ndaoine leochaileacha chun tacaíochtaí cuí a shainaithint agus a sholáthar go comhoibríoch.

Cur chuige comhsheasmhach a chinntiú maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine leochaileacha a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána, ag cosaint a gcearta daonna.

Leanúint le hiompraíochtaí freagracha a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú ar ár mbóithre, ag laghdú an riosca d'úsáideoirí leochaileacha trí ghníomhaíochtaí coiscthe agus idirghabhála spriocdhírithe, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.



## Colún Straitéiseach:

# Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

**Slándáil an Stáit** agus a mhuintire **a chosaint** ar sceimhlitheoireacht agus ar bhagairtí a dhéanann dochar dá leasanna ríthábhachtacha

## Torthaí Straitéiseacha

Cumas méadaithe an Gharda Síochána chun sceimhlitheoireacht fhéideartha agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint go réamhghníomhach agus cur isteach orthu.

Tá léargas soiléir ag an nGarda Síochána ar bhagairtí intíre agus idirnáisiúnta agus tá an cumas aige freagairt dóibh.

Comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a neartú trí thógáil ar ár gcumas oibríochtaí faisnéis-bhunaithe a sheachadadh.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha


Ár gcumas a neartú maidir le bagairtí reatha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a aithint agus freagairt dóibh, ag aithint ár ról maidir le slándáil Stát na hÉireann a chaomhnú agus a chosaint.

Ár gcaidrimh láidre a chothabháil le comhpháirtithe póilíneachta agus slándála chun rannchuidiú go réamhghníomhach le slándáil Stáit agus idirnáisiúnta.

Cumais chomhtháite faisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a roinnt chun bagairtí a shainaithint go héifeachtach agus go héifeachtúil agus freagairt dóibh.

Colún Straitéiseach:

# Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht




Cultúr d’**fheabhsú leanúnach** a spreagadh agus a chothú, agus feabhas a chur ar **nuálaíocht** agus freagrúlacht i leith athruithe

## Torthaí Straitéiseacha

Eagraíocht atá tiomanta do na hathruithe agus na feabhsuithe a theastaíonn chun bheith ina seirbhís phóilíneachta dhinimiciúil agus inoiriúnaithe a leabú agus a chothú.

Mothaíonn fostaithe go dtugtar tacaíocht agus misneach dóibh a gcuid smaointe maidir le feabhsúcháin agus nuálaíocht a chur in iúl in áit ina bhféadfaidh siad treochtaí agus cineálacha cur chuige nua a ghlacadh go tapa ina ról.

Eagraíocht shofhreagrúil a thugann aghaidh go réamhghníomhach agus go nuálaíoch ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

Feabhas a chur ar acmhainn agus ar chumas athraithe foriomlán ar fud na heagraíochta, ag tacú le cultúr nuálaíochta.

A bheith ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic le cineálacha coireachta atá ag teacht chun cinn trí na modhanna póilíneachta is déanaí a ghlacadh agus a oiriúnú.

Cur chuige atá dírithe ar thorthaí i leith an athraithe agus na nuálaíochta a dhaingniú, ag tógáil ar na buntáistí a thagann as an mbunathrú a baineadh amach.

Cur chuige atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a thabhairt i leith an méid a dhéanaimid.

# Cumasóirí






Cumasóir:

# Daoine & Cuspóir

Tá sé tábhachtach don Gharda Síochána bheith ina **eagraíocht atá dírithe ar dhaoine**

## Torthaí

**Earcaigh**
Is rogha fostóir é Garda Síochána, rud a léiríonn éagsúlacht shochaí na hÉireann.

**Forbair**
Tá an oiliúint, an fhaisnéis agus na tacaíochtaí cuí ag pearsanra an Gharda Síochána a dteastaíonn uathu chun go n-éireoidh leo ina ról.

**Cumhacht a Thabhairt**
Seirbhís póilíneachta thrédhearcach agus fhreagrach a bhfuil muinín ag saoránaigh aisti agus a mbíonn luach ag na saoránaigh uirthi, le fostaithe a bhfuil an chumhacht acu difríocht a dhéanamh.

**Coinneáil**
Mothaíonn pearsanra an Gharda sábháilte agus go dtacaítear leo ina dtimpeallacht oibre, agus tá folláine agus cothromaíocht chun tosaigh.

## Tosaíochtaí

Feabhas a chur ar chultúr san ionad oibre a chuimsíonn, a thacaíonn le agus a thugann luach do gach pearsanra.

Éagsúlacht a chothú agus glacadh léi agus pearsanra á mealladh agus á n-earcú isteach san eagraíocht.

Straitéis réamhbhreathnaitheach atá dírithe ar dhaoine a fhorbairt, agus ag tacú le agus ag oiriúnú d’athruithe ar bhealaí oibre.

Bealaí feabhsaithe agus níos éifeachtaí a fhorbairt chun foghlaim, forbairt agus roinnt faisnéise a chumasú ar fud na heagraíochta.

Tionscnaimh a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun tacú le sláinte agus folláine agus rannpháirtíocht fostaithe ar fud na heagraíochta.




Cumasóir:

# Comhpháirtíochtaí

**Comhpháirtíochtaí comhoibríocha**straitéiseacha a bhunú agus a chothú, chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú ar bhonn leanúnach

## Torthaí

**Pobal**
Torthaí éifeachtacha trí chur chuige ‘uile-sheirbhíse’, ag obair i gcomhpháirtíocht chun tacú le misean na heagraíochta daoine a choinneáil slán.

**Náisiúnta**
Comhoibriú éifeachtach ar fud Ranna Rialtais, ENRanna, gníomhaireachtaí, comhlachtaí maoirseachta agus comhpháirtithe Pobail.

**Idirnáisiúnta**
Comhoibriú lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le coireacht a chosc agus a bhrath, agus chun dea-chleachtas a roinnt.

**Deiseanna Eile**
Deiseanna comhpháirtíochta nua a iniúchadh, ag baint leasa as nascacht Eorpach agus Dhomhanda na hÉireann.

## Tosaíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt ar gach leibhéal chun torthaí éifeachtacha agus intomhaiste a thiomáint do na pobail a bhfreastalaímid orthu.

Tacú le comhoibriú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí naisc agus oibriú comhoibríoch a neartú.

Feabhas a chur ar ár gcumas trí chomhpháirtíochtaí a fhiosrú agus a fhorbairt le speisialtóirí, ceannairí smaointe, ollscoileanna agus moil taighde.



Cumasóir:

# Rannpháirtíocht

**Cumarsáid dhá-bhealach** agus rannpháirtíocht shoiléir a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha

## Torthaí

**Cumarsáid**
Cumarsáid atá soiléir, comhsheasmhach, oscailte agus tarraingteach, go hinmheánach agus go seachtrach.

**Rannpháirtíocht Uilechuimsitheach**
Cumas níos láidre i leith rannpháirtíochta, ag féachaint do thuiscint a fháil ar riachtanais éagsúla ár bpearsanra agus na bpobal a bhfreastalaímid orthu.

**Saincheaptha**
Seirbhís póilíneachta thrédhearcach agus fhreagrach a bhfuil muinín ag saoránaigh aisti agus a mbíonn luach ag na saoránaigh uirthi, le fostaithe a bhfuil an chumhacht acu difríocht a dhéanamh.

## Tosaíochtaí

Tógáil ar na hacmhainní cumarsáide atá ann cheana agus cineálacha cur chuige nua a fhiosrú, lena n-áirítear roghanna digiteacha.

Ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú, éisteacht le agus freagairt do riachtanais éagsúla ár ndaoine agus ár bpobail.

Iniúchadh Cultúrtha leantach a dhéanamh, ag éisteacht lenár bpearsanra, ag glacadh le foghlaimí agus ag freagairt le gníomhartha sofheicthe.



Cumasóir:

# Cumhachtú & Iontaoibh

Cultúr de chumhachtú agus muinín a chothú, fréamhaithe in **ionracas agus cosaint Chearta an Duine**

## Torthaí

### Eitic
Eagraíocht eiticiúil iontaofa a bhfuil dea-cháil uirthi, agus ár gCód Eitice agus cosaint Chearta an Duine i gcroílár de sin a ndéanaimid.

### Cinnteoireacht
Na torthaí is fearr a sheachadtar trí chinnteoireacht chumhachtaithe, shofhreagrúil agus eiticiúil.

### Struchtúr
Cumhacht a thabhairt do phearsanra chun seirbhís éifeachtach a sheachadadh trí róil, freagrachtaí agus tacaíochtaí atá sainmhínithe go soiléir.

## Tosaíochtaí

Luachanna an Gharda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den eagraíocht, ag féachaint dár n-oibleagáidí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Ár bpearsanra a chumhachtú, ag cur próisis éifeachtacha agus uirlisí cuí ar fáil dóibh, agus ag cur an Cód Eitice agus cearta an duine i gcroílár a gcuid cinnteoireachta.

Próisis níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí chun tacú le hoibríochtaí bainistíochta agus túslíne chun seirbhís chomhsheasmhach agus éifeachtach a sholáthar, ag aithint na hinfheistíochta suntasaí airgeadais sa Gharda Síochána.



Cumasóir:

# Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise

**Seirbhís faoi stiúir faisnéise** a chothú ina mbaintear úsáid as sonraí agus teicneolaíocht chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a bhrú chun cinn

## Torthaí

**Faoi stiúir faisnéise**
Sonraí a chlaochlú go héifeachtach go heolas, ag tógáil eagraíochta eolaí, ina gcumasaítear cinnteoireacht ar gach leibhéal.

**Inmheánach**
Digiteachú agus úsáid feidhmchláir chliste a sholáthraíonn faisnéis agus léargais thráthúla do phearsanra an Gharda Síochána chun iad a chumasú oibriú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhoibríche.

**Seachtrach**
Níos mó deiseanna comhoibrithe agus comhpháirtíochta chun tacú le héifeachtúlachtaí níos fearr, comhsheasmhacht agus muinín inár mbailiúchán sonraí agus inár gcaighdeáin.

## Tosaíochtaí

Éiceachóras faisnéise agus teicneolaíochta a chruthú, ag cur lenár gcumas faisnéis chomhsheasmhach a sholáthar thar gach leibhéal den Gharda Síochána.

Cultúr a chruthú ina n-aithnítear an tábhacht lárnach a bhaineann le sonraí mar shócmhainn eagraíochtúil, agus í á bhainistiú ar bhealach eiticiúil.

Ardáin chroí-theicneolaíochta chomhtháite an Gharda Síochána a nuachóiriú agus a shaincheapadh, leis an gcur isteach is lú ar oibríocht.

WWW.GARDA.IE

strategystatement2022@garda.ie